C/2026/3597

13.7.2026

TUARASCÁIL AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ AIRGEADAIS 2025

Roinn II - An Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle

(C/2026/3597)

CLÁR

I. RÉAMHRÁ . . . 2

II. CUSPÓIRÍ AGUS BUISÉAD DON BHLIAIN AIRGEADAIS 2025 . . . 2

A. Príomhchuspóirí airgeadais . . . 2

B. An Buiséad a bhunú don Chomhairle Eorpach agus don Chomhairle in 2025 . . . 2

(I) *Cur chuige ginearálta* . . . 2

(II) *Buiséad 2025* . . . 3

(III) *Buiséad 2025 agus Ceannteideal 7 de Chreat Airgeadais Ilbhliantúil Bhuiséad an Aontais* . . . 3

III. FORLÉARGAS FORIOMLÁN AR CHUR CHUN FEIDHME BUISÉID IN 2025 . . . 4

A. Gníomhaíochtaí agus cuspóirí na Comhairle Eorpaí agus na Comhairle in 2025 . . . 4

(I) *Cruinnithe* . . . 4

(II) *Gníomhaíochtaí reachtacha* . . . 5

(III) *Nuachóiriú riaracháin* . . . 5

(IV) *Cuspóirí a bhaint amach in 2025* . . . 6

B. Ioncam . . . 7

C. Caiteachas in 2025 . . . 8

(I) *An buiséad a mhodhnú in 2025* . . . 8

(II) *Forléargas ar chur chun feidhme an bhuiséid do 2021-2025* . . . 10

(III) *Cur chun feidhme leithreasuithe de réir catagóire in 2025* . . . 11

D. Leithreasuithe a tugadh anonn . . . 13

(I) *Leithreasuithe a tugadh anonn go huathoibríoch ó 2024 go 2025* . . . 13

(II) *Leithreasuithe a tugadh anonn go huathoibríoch ó 2025 go 2026* . . . 15

E. Ioncam sannta . . . 17

(I) *Ioncam sannta a fabhraíodh roimh 2025* . . . 17

(II) *Ioncam sannta a fabhraíodh roimh 2025 agus a tugadh anonn le haghaidh íocaíochta ó 2024* . . . 18

(III) *Ioncam sannta a fabhraíodh in 2024 agus a tugadh anonn go 2025 le haghaidh íocaíochta* . . . 19

(IV) *Ioncam sannta a fabhraíodh roimh 2025 agus a tugadh anonn go 2026 le haghaidh íocaíochta* . . . 20

(V) *Ioncam sannta a fabhraíodh in 2025* . . . 21

IARSCRÍBHINN I . . . 22

I. RÉAMHRÁ

Agus é dréachtaithe i gcomhréir le hAirteagal 255 den Rialachán Airgeadais ([1]), is éard atá sa doiciméad seo tuarascáil ar bhainistíocht bhuiséadach agus airgeadais Roinn II de bhuiséad an Aontais (an Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle) don bhliain airgeadais 2025.

Tá an tuarascáil bunaithe ar na cuntais shealadacha do 2025, ar thorthaí na dtuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí ó oifigigh údarúcháin na Comhairle agus ar fhaisnéis maidir le cur chun feidhme an bhuiséid ó chóras airgeadais na Comhairle.

Tá achoimre i gCaibidil II den tuarascáil seo ar an gcreat a bunaíodh don bhliain airgeadais 2025. Tugtar forléargas, i gCaibidil III, ar chur chun feidhme na leithreasuithe buiséid a bhí ar fáil in 2025.

Déantar cur chun feidhme bhuiséad na bliana 2025 de réir líne bhuiséid a léiriú in Iarscríbhinn I.

II. CUSPÓIRÍ AGUS BUISÉAD DON BHLIAIN AIRGEADAIS 2025

A. Príomhchuspóirí airgeadais

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí airgeadais Ardrúnaíocht na Comhairle (an Ardrúnaíocht) do 2025:

— leanúnachas cinnteoireachta a áirithiú sa Chomhairle Eorpach agus sa Chomhairle;

— tacaíocht leanúnach a áirithiú don Chomhairle Eorpach agus don Chomhairle trí úsáid éifeachtach éifeachtúil a bhaint as acmhainní airgeadais, go háirithe i bhfianaise leibhéal an bhoilscithe agus an innéacsaithe ghaolmhair le blianta beaga anuas;

— leanúint ar aghaidh le próiseas an nuachóirithe dhigitigh riaracháin agus é mar aidhm feabhas a chur ar eagrú na hArdrúnaíochta agus an leas is fearr a bhaint as na hacmhainní atá aici.

B. An Buiséad a bhunú don Chomhairle Eorpach agus don Chomhairle in 2025

I) *Cur chuige ginearálta*

Agus togra buiséid 2025 á bhunú don Chomhairle Eorpach agus don Chomhairle (CE/C), ríomh Ardrúnaíocht na Comhairle an buiséad do chaiteachas a bhaineann le tuarastail de réir na treorach a thug an Coimisiún Eorpach.

Maidir le caiteachas nach mbaineann le tuarastail, ba é an cuspóir ginearálta a bhí ann gan leibhéal foriomlán bhuiséad 2024 a shárú, i dtéarmaí ainmniúla, de bhreis ar 2 %. Rinneadh méaduithe ar mhó na 2 % iad, ar mhaithe le híoc as oibleagáidí reachtúla nó conarthacha, nó i réimsí a mheastar a bheith bunriachtanach d'fheidhmiú na hArdrúnaíochta, a fhritháireamh le gnóthachain éifeachtúlachta agus trí thosaíocht a thabhairt do thionscadail áirithe agus trína n-athchlárú.

A mhéid a bhaineann leis an bhfoireann, lean an Ardrúnaíocht de chuíchóiriú a dhéanamh ar an eagraíocht trí na gníomhaíochtaí seo a leanas a chur chun feidhme:

— 15 bpost AST a iompú ina 15 bpost AD agus 10 bpost AST ina 10 bpost SC mar chuid den nuachóiriú riaracháin leanúnach, agus éifeacht neodrach aige sin ar an mbuiséad;

— an laghdú ar an ráta comhréidh a chur in oiriúint do - 1,8 %, rud a léiríonn eagrú níos éifeachtaí chun poist fholmha a líonadh.

([1]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú).

II) ***Buiséad 2025***

Bhunaigh an t-údarás buiséid buiséad foriomlán 2025 CE/C ag EUR 714,3 milliún ([2]). B'ionann sin agus méadú EUR 37,4 milliún (+ 5,5 %) le hais 2024.

In 2025, EUR 473,4 milliún (+ 7,4 %) a bhí sa chaiteachas a bhaineann le Tuarastal agus EUR 240,9 milliún (+ 2,0 %) a bhí sa chaiteachas nach mbaineann le Tuarastal.

Rinneadh méadú poist amháin ar phlean bunaíochta 2025 le haghaidh CE/C, agus socraíodh líon na bpost ag 3 030.

I dTábla 1, tugtar forléargas ar bhuiséad 2025 de réir catagóire.

Tábla 1

Buiséad CE/C do 2025 i gcomparáid le 2024 (de réir catagóire, EUR)

Catagóir	Buiséad 2024	Buiséad Tosaigh a Vótáladh 2025	Buiséad Leasaithe 2025	Athrú 2025/2024
	1	2	3	4=3/2
Plean bunaíochta	412 323 234	445 438 151	443 931 151	7,7 %
Caiteachas eile foirne	28 466 729	29 637 000	29 464 000	3,5 %
Foirgnimh (seachas fálta)	59 969 180	60 185 000	60 185 000	0,4 %
Córais ríomhaireachta	53 994 000	54 410 707	54 410 707	0,8 %
Troscán	1 044 980	1 055 000	1 055 000	1,0 %
Trealamh teicniúil	3 253 000	3 644 000	3 644 000	12,0 %
Iompar	2 174 000	2 190 000	2 190 000	0,7 %
Speansais taistil na dtoscaireachtaí	15 505 000	15 505 000	15 505 000	0,0 %
Costais ateangaireachta	81 600 000	85 060 000	85 060 000	4,2 %
Cruinnithe agus comhdhálacha	7 531 000	7 609 000	7 609 000	1,0 %
Faisnéis	9 633 000	9 808 000	9 808 000	1,8 %
Ilghnéitheach	1 387 000	1 407 000	1 407 000	1,4 %
Cúlchiste				
Iomlán (seachas fáil)	**676 881 123**	**715 948 858**	**714 268 858**	**5,5 %**
Maoin dhochorraithe a fháil				
Móriomlán	**676 881 123**	**715 948 858**	**714 268 858**	**5,5 %**

III) ***Buiséad 2025 agus Ceannteideal 7 de Chreat Airgeadais Ilbhliantúil Bhuiséad an Aontais***

Tugtar forléargas i dTábla 2 ar fhorbairt bhuiséad CE/C in 2021-2025. Tháinig laghdú ar sciar CE/C faoi Cheannteideal 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil le linn na tréimhse sin ó 5,7 % in 2021 go 5,6 % in 2025.

([2]) Laghdaíodh buiséad 2025 faoi EUR 1 680 000 tar éis bhuiséad leasaitheach 3/2025.

Tábla 2

An fhorbairt ar Roinn II de bhuiséad an Aontais (an Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle) faoi Cheannteideal 7 (Ceannteideal 5 roimhe seo) den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil in 2021-2025

(Méideanna ag praghsanna reatha)	2021		2022		2023		2024		2025	
	EUR MILLIÚN	athrú	EUR MILLIÚN	athrú	EUR MILLIÚN	athrú	EUR MILLIÚN	athrú	EUR MILLIÚN	athrú
Ceannteideal 7	10 443	2,2 %	10 620	1,7 %	11 311	6,5 %	12 057	6,6 %	12 766	5,9 %
CE/C	594	0,6 %	611	2,9 %	648	6,0 %	677	4,5 %	714	5,5 %
Sciar CE/C i gCeannteideal 7	**5,7 %**		**5,8 %**		**5,7 %**		**5,6 %**		**5,6 %**	

III. **FORLÉARGAS FORIOMLÁN AR CHUR CHUN FEIDHME BUISÉID IN 2025**

A. **Gníomhaíochtaí agus cuspóirí na Comhairle Eorpaí agus na Comhairle in 2025**

Sa tuarascáil ar ghníomhaíochtaí airgeadais, cuireann an Ardrúnaíocht faisnéis ar fáil maidir lena príomhghníomhaíochtaí atá ábhartha ó thaobh airgeadais de, agus cuirtear síos ar fheidhmiú na Comhairle Eorpaí agus na Comhairle le linn na bliana airgeadais. Leagtar béim sa tuarascáil freisin ar phríomhéachtaí na bliana.

I) ***Cruinnithe***

I dTábla 3 tugtar forléargas ar fhorbairt líon na gcruinnithe a d'eagraigh an Ardrúnaíocht don Chomhairle Eorpach agus don Chomhairle idir 2021 agus 2025.

Tábla 3

An fhorbairt ar líon na gcruinnithe 2021-2025

	2021			2022			2023			2024			2025		
	Fisiciúil	Fís-chomhdháil / Hibrideach	IOMLÁN	Fisiciúil	Fís-chomhdháil / Hibrideach	IOMLÁN	Fisiciúil	Fís-chomhdháil / Hibrideach	IOMLÁN	Fisiciúil	Fís-chomhdháil / Hibrideachv	IOMLÁN	Fisiciúil	Fís-chomhdháil / Hibrideach	IOMLÁN
Cruinnithe mullaigh	14	7	21	15	1	16	10	1	11	10	10	10	2		12
Comhairlí	79	38	117	102	7	109	94	3	97	97	4	101	101	4	105
Coreper	123		123	158		158	156		156	124		124	161	5	166
Coreper Airt. 50															
Meithleacha	1 237	2 793	4 030	3 468	663	4 131	3 902	263	4 165	3 514	193	3 707	3 698	132	3 830
An Comhphobal Polaitiúil Eorpach (CPE)							1								
Iomlán	**1 453**	**2 838**	**4 291**	**3 744**	**671**	**4 415**	**4 162**	**267**	**4 429**	**3 745**	**197**	**3 942**	**3 970**	**143**	**4 113**

Tionóladh dhá chruinniú mullaigh dhéthaobhacha agus cruinniú mullaigh iltaobhach amháin in 2025:

— An 23 Meitheamh 2025, rinne António Costa, Uachtarán na Comhairle Eorpaí, agus Ursula von der Leyen, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, ionadaíocht thar ceann an Aontais ag an 20ú cruinniú mullaigh idir an tAontas agus Ceanada, a bhí ar siúl sa Bhruiséil. Rinne an Príomh-Aire Mark Carney ionadaíocht ar Cheanada. Deis a bhí sa chruinniú mullaigh feabhas a chur ar an gcomhpháirtíocht straitéiseach idir an tAontas agus Ceanada agus deis a thabhairt do na ceannairí a gcomhar a threisiú, i bhfianaise an chomhthéacs gheopholaitiúil agus eacnamaíoch atá ag athrú go tapa.

— An 22 Deireadh Fómhair 2025, bhuail Uachtarán na Comhairle Eorpaí, António Costa, agus Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Ursula von der Leyen, ag gníomhú dóibh thar ceann an Aontais, le hUachtarán na hÉigipte, Abdul Fattah El-Sisi ag an gcéad chruinniú mullaigh riamh idir an tAontas agus an Éigipt. Ba é an chéad chruinniú mullaigh déthaobhach é le haon tír i réigiún an Mheánoirthir agus na hAfraice Thuaidh freisin. Deis a bhí sa chruinniú mullaigh an caidreamh déthaobhach idir an tAontas agus an Éigipt agus a gcomhpháirtíocht pholaitiúil agus eacnamaíoch a dhoimhniú a thuilleadh, agus é mar aidhm leis sin cobhsaíocht, síocháin agus rathúnas coiteann na bpáirtithe a chothú. Leag na ceannairí béim ar a n-uaillmhian chomhroinnte i dtaobh ábhair dhomhanda agus réigiúnacha atá tábhachtach don dá thaobh, lena n-áirítear an staid sa Mheánoirthear, an Úcráin, an t-iltaobhachas, an trádáil, an imirce agus an tslándáil.

— Tháinig ceannairí an Aontais agus ceannairí na mBalcán Thiar le chéile sa Bhruiséil an 17 Nollaig 2025. Deis a bhí sa chruinniú sin chun neart an chaidrimh straitéisigh idir an tAontas agus na Balcáin Thiar, agus na tairbhí a bhaineann leis do shaoránaigh, a léiriú agus a athdhearbhú. Leagadh béim ag an gcruinniú mullaigh ar a thábhachtaí atá an dlúthchaidreamh polaitiúil agus eacnamaíoch idir an tAontas agus comhpháirtithe na mBalcán Thiar agus ar an ngá atá le naisc níos láidre ná riamh idir an tAontas agus na Balcáin Thiar.

Ina theannta sin, an 17 Márta 2025, rinne an tAontas Eorpach cathaoirleacht ar an naoú Comhdháil sa Bhruiséil maidir le 'Seasaimis leis an tSiria: Na riachtanais chuí a chomhlíonadh le go mbeidh aistriú rathúil ann' Tugadh toscairí ó Bhallstáit an Aontais, ó rialtas idirthréimhseach na Siria, ó thíortha comharsanachta na Siria, ó thíortha comhpháirtíochta eile agus ó dheontóirí, agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, lena n-áirítear na Náisiúin Aontaithe, le chéile ag an gcomhdháil. Mar léiriú soiléir ar thacaíocht leanúnach, tá beagnach EUR 2,5 billiún geallta ag an Aontas le haghaidh 2025 agus 2026, agus in éineacht lenár gcomhpháirtithe, thiomsaíomar EUR 5,8 billiún ar an iomlán chun cabhrú le próiseas aistrithe na Siria agus le téarnamh socheacnamaíoch na tíre, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar na riachtanais dhaonnúla phráinneacha, laistigh den tSiria féin agus sna pobail óstacha ar fud na hIordáine, na Liobáine, na hIaráice agus na Tuirce.

II) ***Gníomhaíochtaí neamhreachtacha***

Táscaire cainníochtúil eile gníomhaíochtaí is ea líon na ngníomhartha dlí a foilsíodh san Iris Oifigiúil (IO) (Tábla 4). In 2025 ([3]), foilsíodh 1 609 gníomh dlí san Iris Oifigiúil. Is é foilsiú na ngníomhartha dlí san IO an chéim dheireanach den phróiseas reachtach.

Tábla 4

An fhorbairt ar líon na ngníomhartha dlí 2021-2025

	2021	2022	2023	2024	2025
Gníomhartha dlí a foilsíodh san Iris Oifigiúil	1 340	1 517	1 545	1 441	1 609

III) ***Nuachóiriú riaracháin***

In 2025, lean Ardrúnaíocht na Comhairle d'fheabhas a chur ar cháilíocht agus ar éifeachtúlacht a eagrúcháin inmheánaigh agus leanúint dá sprioc maidir leis an gclaochlú digiteach, i gcomhréir le tosaíochtaí Straitéis Dhigiteach na hArdrúnaíochta do 2022–2025:

— Cuireadh feabhas ar roinnt uirlisí TF chun na príomhphróisis ghnó a bhaineann le cinnteoireacht na Comhairle a nuachóiriú agus a dhigiteáil. Go háirithe, rinneadh uasghrádú tábhachtach ar eConsilium, rud a chuir ar chumas na foirne saolré iomlán na ndoiciméad beartais uile a bhainistiú in aon áit amháin. Ina theannta sin, sainaithníodh sineirgí idir príomhchláir a thacaíonn le Bainistíocht Doiciméad agus Comhad (DFMI), Bainistíocht Eolais Faisnéise 2 (IKM2), Bainistíocht Teagmhas agus eConsilium.

— In 2025, tugadh chun críche freisin an chéad treochlár den Straitéis Dhigiteach agus seoladh an ullmhúcháin ar threochlár nua 2026-2028, le tacaíocht ó thuarascáil chuimsitheach athbhreithniúcháin ina ndearnadh cur síos ar na príomhéachtaí a baineadh amach agus na deiseanna a bheidh ann amach anseo don fhorbairt dhigiteach. Tharla athrú struchtúrach tábhachtach laistigh den eagraíocht freisin, agus DITEC agus a stiúrthóireacht digitithe curtha ar bun, chomh maith leis an Stiúrthóireacht um Chinnteoireacht sa Chomhairle in GIP.

([3]) Tháinig athrú ar an modheolaíocht chun na figiúirí sin a ríomh i gcomparáid leis na blianta roimhe sin. Roimh 2025, léirigh líon na ngníomhartha dlí an líon iarbhír a sheol an Chomhairle chuig Oifig na bhFoilseachán agus, ó 2025 ar aghaidh, tá an líon sin ina léiriú ar líon na ngníomhartha dlí a d'fhoilsigh Oifig na bhFoilseachán a raibh an Chomhairle ina húdar nó ina comhúdar orthu.

— I réimse an bheartais foirne, seoladh an cúigiú suirbhé foirne ó 2018 i leith in 2025 agus baineadh an ráta rannpháirtíochta is airde riamh amach leis. Is úsáideach an uirlis i gcónaí í chun feabhas a chur ar an eagraíocht, chun réimsí a shainaithint a bhféadfaí feabhas a chur orthu, agus chun stádas na hArdrúnaíochta mar ionad oibre tarraingteach a choinneáil. Thairis sin, eagraíodh an dara babhta de scáthfhoghlaim idirinstitiúideach, rud a chothaigh comhoibriú agus foghlaim i measc na rannpháirtithe. Chun cultúr eagraíochtúil a neartú a thuilleadh, formheasadh straitéis nua don éagsúlacht agus don chuimsiú, rud a chuir urraim, aontacht agus comhdheiseanna chun cinn ar fud na hinstitiúide. Ina theannta sin, seoladh babhta eile den chleachtadh aiseolais 360º do bhainisteoirí agus do chinn earnála. Ba é an aidhm a bhí leis tacú lena bhforbairt ghairmiúil trí fheasacht a mhéadú ar láidreachtaí agus ar réimsí fáis araon.

— Maidir le beartas bainistíochta comhshaoil na hArdrúnaíochta, ghlac an Ardrúnaíocht Straitéis Ghlas in 2025 a mbeidh tréimhse a fhad le 2030 i gceist léi. Is treochlár réamhbhreathnaitheach í an straitéis sin lena dtreorófar Ardrúnaíocht na Comhairle i dtreo a bheith ina heagraíocht níos inbhuanaithe faoi 2030. Tá níos mó i gceist leis an straitéis ná lorg carbóin Ardrúnaíocht na Comhairle a laghdú; is é is aidhm dó eagraíocht níos athléimní agus níos inbhuanaithe a chruthú agus, ag an am céanna, leanúint den leibhéal gníomhaíochta is gá chun a áirithiú go ndéanfar plé agus caibidlíocht leis na Ballstáit sna dálaí is fearr is féidir.

IV) ***Gnóthú na gCuspóirí in 2025***

Is féidir achoimre a dhéanamh ar ghnóthú na gcuspóirí a bunaíodh don bhliain bhuiséid 2025 mar a leanas:

— *Plean bunaíochta*

An 1 Eanáir 2025, bhí 2 952 bpost líonta san Ardrúnaíocht. Mar thoradh ar athrú foirne i rith na bliana, bhí 2 986 post líonta inti an 31 Nollaig 2025, is é sin, 34 phost líonta sa bhreis le hais Phlean Bunaíochta CE/C. (NB: I measc na bpost líonta, áirítear poist atá ag baill foirne nach bhfaigheann luach saothair ach a bhfuil post acu, i gcomhréir leis an sainmhíniú a leagtar síos sna Rialacháin Foirne.)

— *Bainistíocht airgeadais*

Chun a áirithiú go mbainfear úsáid éifeachtúil as a buiséad, lean Ardrúnaíocht na Comhairle de bheith ag cur feabhas ar a próisis bainistíochta airgeadais in 2025:

— Rinneadh athruithe ar an gcóras bainistíochta airgeadais chun gealltanais bhuiséadacha agus dhlíthiúla a dheighilt go soiléir, agus chun bainistíocht dhíreach na ngealltanas sin a chumasú. Leis sin, beifear in ann róchaitheamh nó tearc-chaitheamh i réimsí áirithe a shainaithint níos luaithe agus beifear in ann an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na leithreasuithe.

— Rinneadh na teorainneacha tarmligin d'oifigigh údarúcháin trí fhotharmligean a thabhairt cothrom le dáta den chéad uair ó 2009 i leith. Éascaítear leis sin údarú níos tapa caiteachais agus bainistíocht bhuiséid níos solúbtha.

— Rinneadh tuilleadh dul chun cinn i dtreo digiteáil iomlán agus beagnach 50 % de na horduithe ceannaigh agus de na conarthaí á síniú go leictreonach. Glacfar réiteach ríomhsholáthair an Choimisiúin go hiomlán freisin ó mhí Eanáir 2026 ar aghaidh. Is go leictreonach trí ardáin dhigiteacha a fhaightear nócha a cúig faoin gcéad (95 %) de shonraisc na Comhairle. Is i bhformáid pdf, nó ar pháipéar, a fhaightear an chuid eile .

I gcomhréir le Treoir 2011/7/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), ba cheart íocaíochtaí a dhéanamh laistigh de 30 lá ón sonrasc a fháil. In 2025, tháinig laghdú beag ar an meánmhoill ar shonraisc a íoc ó 15 lá go 13 lá.

— *Beartas tógála*

Is beartas cobhsaí é beartas foirgneamh na Comhairle. Ó 2004 i leith, is é is aidhm don Chomhairle freastal ar a gníomhaíochtaí uile agus ar ghníomhaíochtaí na Comhairle Eorpaí sa Bhruiséil i bhfoirgnimh ar leis an gComhairle iad, atá oiriúnaithe dá riachtanais agus atá suite gar dá chéile. Tugadh an t-atheagrú sin chun críche nuair a tugadh Áras Europa ar lámh i mí an Mheithimh 2016.

Tá Ardrúnaíocht na Comhairle ag leanúint de bheith ag fiosrú roghanna éagsúla maidir le hathchóiriú Áras Justus Lipsius agus, ar bhonn níos leithne, maidir le forbairt an tsuímh amach anseo agus an gá atá aici le spás oifige agus cruinnithe. Tá an tionscadal seo riachtanach chun feidhmiú cuí an dá institiúid a áirithiú, chun ardleibhéal feidhmíochta comhshaoil a áirithiú, go háirithe i bhfianaise na rialachán is infheidhme, agus chun timpeallacht oibre bharrfheabhsaithe, fháilteach, spreagúil agus shlán a chur ar fáil.

([4]) Treoir 2011/7/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála (IO L 48, 23.2.2011, lch. 1).

B. **Ioncam**

Tugtar forléargas i dTábla 5 ar thoradh foriomlán oibríochtaí buiséid in 2025. Tagraíonn an téarma 'cearta bunaithe 2024' d'orduithe aisghabhála a rinneadh in 2024 ach nár aisghabhadh na méideanna ina leith go dtí 2025. Tagraíonn an téarma 'cearta bunaithe 2025' d'aisghabhálacha a rinneadh in 2025.

Tábla 5

Forléargas ar oibríochtaí ioncaim i mbuiséad 2025 (EUR)

	Caibidil	Cearta bunaithe 2024	Ioncaim aisghafa ó 2024	Cearta bunaithe 2025	Ioncaim aisghafa ó 2025	Iomlán na gceart bunaithe 2024 +2025	Iomlán aisghafa 2024+2025	Le haisghabháil in 2026
		1	2	3	4	5=1+3	6=2+4	7=5-6
30	Ioncam ón bhFoireann			80 711 070	80 711 070	80 711 070	80 711 070	
31	Ioncam a bhaineann le maoin	3 868	3 868	604 172	600 212	608 040	604 080	3 960
32	Ioncam ó sholáthar earraí, seirbhísí agus oibre	186 321	186 321	1 831 337	1 828 681	2 017 658	2 015 002	2 656
33	Ioncam riaracháin eile	736 960	373 355	25 366 513	24 837 858	26 103 474	25 211 213	892 261
40	Ioncam ó infheistíochtaí agus ó chuntais			820 091	820 091	820 091	820 091	
	Iomlán	**927 150**	**563 544**	**109 333 183**	**108 797 912**	**110 260 332**	**109 361 456**	**898 876**

In 2025, ba é EUR 110,3 milliún méid iomlán na n-oibríochtaí ioncaim i dtéarmaí cearta bunaithe, i.e. orduithe aisghabhála eisithe. Aisghabhadh EUR 109,4 milliún den mhéid sin le linn na bliana airgeadais 2025 agus baileofar EUR 0,9 milliún in 2026.

Bhain an chuid is mó den ioncam iomlán aisghafa (74 %, nó EUR 80,7 milliún as EUR 109,4 milliún) in 2025 le cánacha agus tobhaigh speisialta ar luach saothair a bailíodh ó phearsanra san Ardrúnaíocht. Asbhaintí ó luach saothair foirne ab ea EUR 38,4 milliún den mhéid sin, agus bhí EUR 42,3 milliún i gceist leis na ranníocaíochtaí foirne leis an scéim pinsin.

Is ó oibríochtaí riaracháin éagsúla, ó na foinsí seo a leanas go príomha, a fabhraíodh an fuílleach, nó 26 % (EUR 28,7 milliún):

— íocaíochtaí ó na Ballstáit i gcomhair ateangaireacht bhreise a dhéanamh, ar iarratas, i dteangacha áirithe (EUR 11,5 milliún, Caibidil 33);

— aisghabháil codanna de na méideanna a íocadh leis na Ballstáit sna blianta roimhe sin le haghaidh chostais taistil na dtoscaireachtaí ag eascairt as na dearbhuithe a rinne siad le haghaidh 2023 agus 2024 (EUR 8,7 milliún, Caibidil 33);

— ranníocaíochtaí le costais riaracháin a thagann chun cinn faoi chuimsiú '*acquis* Schengen' leis an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis (EUR 1,6 milliún, Caibidil 33);

— íocaíochtaí ón gCúirt Bhreithiúnais, ón gCúirt Iniúchóirí, ón Institiúid Ollscoile Eorpach i bhFlórans agus ón tSaoráid Eorpach Síochána – ranníocaíochtaí oibríochta uathu le tacú leis an gcomhchóras airgeadais a úsáideann siad féin agus an Chomhairle araon (EUR 1,4 milliún, Caibidil 32);

— ranníocaíochtaí ó institiúidí eile agus íocaíochtaí ó oifigigh na Comhairle le haghaidh naíolann na Comhairle (EUR 0,8 milliún, Caibidil 33);

— ioncam ó infheistíochtaí agus ó chuntais, atá le haisíoc leis na Ballstáit in 2026, (EUR 0,8 milliún, Caibidil 40);

— ranníocaíochtaí ó na Ballstáit maidir le costais chomhroinnte bogearraí agus trealaimh (EUR 0,6 milliún, Caibidil 33);

— fáltais ó áitribh a ligean amach ar cíos agus aisíocaíochtaí gaolmhara (EUR 0,6 milliún, Caibidil 31);

— aisghabháil codanna de na méideanna a íocadh chun speansais lónadóireachta a íoc (EUR 0,5 milliún, Caibidil 33);

— aisghabháil le haghaidh íocaíochtaí foirne arna maoiniú ag an tSaoráid Eorpach Síochána (EUR 0,4 milliún, Caibidil 33).

C. **Caiteachas in 2025**

I) ***An buiséad a mhodhnú in 2025***

Le linn na bliana airgeadais 2025, rinneadh na leithreasuithe a ath-leithdháileadh trí aistrithe éagsúla. I dTábla 6, léirítear na cinntí lena ndearnadh na leithreasuithe buiséid in 2021-2025 a mhodhnú.

Tábla 6

Líon na modhnuithe buiséid de réir cineáil in 2021-2025

Modhnú		Bliain				
Cineál	Bunús dlí	2021	2022	2023	2024	2025
Buiséad leasaitheach	*Airteagal 44 de RA*	0	0	0	0	0
Aistriú B	*Airteagal 29 de RA*	41	58	38	39	46
Aistriú C	*Airteagal 29 de RA*	2	6	3	3	2
Aistriú D	*Airteagal 31 de RA*	0	0	0	0	0
	Iomlán	**43**	**64**	**41**	**42**	**48**

Rinneadh dhá aistriú C, a raibh i gceist leo an t-údarás buiséid a chur ar an eolas (i gcomhréir le hAirteagal 29 den Rialachán Airgeadais), in 2025:

— Aistriú C1 EUR 4 130 000 an 19 Meán Fómhair 2025 chun:

— iarrataí nua ar chabhair bhreise do dhaoine faoi mhíchumas a chumhdach agus chun an méadú ar chostais chóiríochta in ionaid speisialaithe le haghaidh cásanna inar deonaíodh cabhair cheana féin a chumhdach (EUR 100 000);

— méaduithe ar speansais mhisin agus taistil fhoireann Ardrúnaíocht na Comhairle (an Ardrúnaíocht) mar gheall ar ghníomhaíocht pholaitiúil níos airde agus mar gheall ar mhéadú ar chostais taistil i gcomparáid le 2024 (EUR 250 000) a chumhdach;

— méaduithe ar speansais mhisin agus taistil na Comh-Aireachta agus ball foirne eile a ghabhann le hUachtarán na Comhairle Eorpaí a chumhdach mar gheall ar rannpháirtíocht mhéadaithe an Aontais le comhpháirtithe agus boilsciú in earnáil an iompair a sháraíonn an méadú ar leithreasuithe buiséid (EUR 250 000);

— ceannach troscáin chaighdeánaigh bhreise in 2025 a chumhdach, méaduithe ar phraghsanna in 2026 a sheachaint agus coigilteas costais a áirithiú don Institiúid (EUR 150 000);

— na riachtanais bhreise a bhaineann le hullmhú agus foilsiú fhoilseacháin na Comhairle Eorpaí agus na Comhairle i dteangacha oifigiúla Bhallstáit an Aontais a chumhdach, seachas na cinn a fhoilsítear in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (EUR 23 000);

— na riachtanais bhreise a bhaineann le táirgeadh leanúnach táirgí nua-aimseartha cumarsáide amhairc don ghréasán agus do na meáin shóisialta a chumhdach agus seirbhísí deartha a chur ar fáil do shuíomhanna gréasáin uachtaránacht rothlach na Comhairle (EUR 165 000);

— na riachtanais bhreise a chumhdach a bhaineann le feabhas a chur ar an gcumas cuardach tapa séimeantach a dhéanamh ar fud na sonraí inmheánacha atá againn san Ardrúnaíocht, trí chumas na hArdrúnaíochta a scálú laistigh den lárionad sonraí agus trí ghiaráil a dhéanamh ar an intleacht shaorga agus ar theicneolaíochtaí sonraí a chuirtear chun feidhme i mbonneagar na hArdrúnaíochta féin, lena ndéantar neamhchosaint idirlín a sheachaint agus comhréireacht agus slándáil faisnéise a urramú (EUR 1 206 000);

— riachtanais bhreise a chumhdach a eascraíonn as comhlíonadh an Rialacháin maidir leis an gCibearshlándáil agus as bainistíocht réamhghníomhach cibir-rioscaí ar roinnt feidhmchlár ríomhchóras (EUR 1 786 000);

— an gá méadaitheach atá le sonraí breise a stóráil agus cóip chúltaca a dhéanamh díobh a chumhdach (EUR 200 000).

— Aistriú C2 EUR 2 325 000 an 28 Samhain 2025 chun:

— méaduithe a chumhdach a bhaineann leis an ngá atá le trealamh dáilte cumhachta a nuachóiriú chun feabhas a chur ar a sábháilteacht agus ar a n-iontaofacht oibríochtúil, chomh maith leis na seomraí ina bhfuil siad lonnaithe. Cumhdófar leis sin freisin athsholáthar soilsithe agus feabhas a chur ar an gcóras bonnán (EUR 850 000);

— an gá atá le comhpháirteanna criticiúla den bhonneagar TF a athsholáthar a chumhdach, ar comhpháirteanna iad atá riachtanach chun bainistíocht shlán éifeachtúil a dhéanamh ar sheirbhísí an chroíghréasáin (EUR 250 000);

— riachtanais bhreise a chumhdach a eascraíonn as comhlíonadh an Rialacháin maidir leis an gCibearshlándáil agus as bainistíocht réamhghníomhach cibir-rioscaí ar roinnt feidhmchlár ríomhchóras (EUR 1 225 000).

Ina theannta sin, le 46 n-aistriú inmheánacha B bunaithe ar Airteagal 29(4) den Rialachán Airgeadais, rinneadh buiséad CE/C a mhodhnú in 2025.

I dTábla 7 tugtar forléargas ar na línte buiséid a modhnaíodh go suntasach ([5]) in 2025 leis an ath-leithdháileadh inmheánach leithreasuithe.

Tábla 7

Línte buiséid a bhí faoi réir aistrithe suntasacha in 2025 (EUR)

Mír	Ceannteideal	Buiséad Leasaithe 2025	Aistrithe	Leithreasuithe deiridh	Difear
1105	Ragobair	1 290 000	- 460 000	830 000	-36 %
1106	Teidlíochtaí faoi na Rialacháin Foirne maidir le dul isteach sa tseirbhís, maidir le haistriú agus maidir leis an tseirbhís a fhágáil	2 195 000	460 000	2 655 000	21 %
1110	Liúntais i gcás scor ar mhaithe leis an tseirbhís	2 386 000	- 400 000	1 986 000	-17 %
1207	Coigeartú bliantúil ar an luach saothair	319 000		- 319 000	-100 %
1331	Speansais mhisin Ardrúnaíocht na Comhairle	2 970 000	250 000	3 220 000	8 %
1332	Speansais taistil na foirne a bhaineann leis an gComhairle Eorpach	1 700 000	250 000	1 950 000	15 %
2000	Cíos	452 000	- 303 544	148 456	-67 %
2003	Obair feistithe agus shuiteála	8 378 000	1 101 044	9 479 044	13 %

([5]) Glanmhéid > EUR 250 000.

Mír	Ceannteideal	Buiséad Leasaithe 2025	Aistrithe	Leithreasuithe deiridh	Difear
2010	Glanadh agus cothabháil	21 587 000	- 1 110 242	20 476 758	-5 %
2012	Slándáil agus faireachas foirgneamh	19 089 000	- 570 000	18 519 000	-3 %
2100	Trealamh agus bogearraí a fháil	16 470 000	1 084 724	17 554 724	7 %
2101	Cúnamh seachtrach chun ríomhchórais a oibriú agus a fhorbairt	29 385 000	3 691 427	33 076 427	13 %
2102	Trealamh agus bogearraí a sheirbhísiú agus a chothabháil	6 959 707	- 465 861	6 493 846	-7 %
2103	Teileachumarsáid	1 596 000	356 710	1 952 710	22 %
2120	Trealamh teicniúil agus suiteáil a cheannach agus a athsholáthar	2 199 000	- 427 600	1 771 400	-19 %
2132	An flít feithiclí a fháil ar cíos, a chothabháil agus a dheisiú	1 570 000	- 388 150	1 181 850	-25 %
2200	Speansais taistil na dtoscaireachtaí	15 505 000	- 400 829	15 104 171	-3 %
2202	Costais ateangaireachta	85 060 000	- 2 523 171	82 536 829	-3 %
2205	Comhdhálacha agus cruinnithe a eagrú	1 246 000	- 406 000	840 000	-33 %

II) ***Forléargas ar chur chun feidhme an bhuiséid do 2021-2025***


Le 5 bliana anuas (Graf 1), méadaíodh ar ráta foriomlán chur chun feidhme bhuiséad CE/C ó 88,0 % go dtí 96,7 %. Tagraíonn an ráta cur chun feidhme do na gealltanais a rinneadh le linn na bliana buiséadaí as an mbuiséad glactha atá ar fáil.

Bhí ráta iarbhír na n-íocaíochtaí bliantúla idir 2021 agus 2025 cothrom le 83,2 % den bhuiséad ar an meán. Rinneadh an difríocht idir an cur chun feidhme foriomlán agus íocaíochtaí i mbliain ar leith (i.e. gealltanais neamhíoctha) a thabhairt anonn, i gcomhréir le hAirteagal 12(7) den Rialachán Airgeadais, ar mhaithe lena híoc sa chéad bhliain bhuiséid eile.

Ní féidir caiteachas ar luach saothair agus liúntais do chomhaltaí agus d'fhoireann institiúidí an Aontais Eorpaigh a thabhairt anonn (Airteagal 12(8) den Rialachán Airgeadais).

Graf 1

Cur chun feidhme foriomlán an bhuiséid do 2021-2025



Le haghaidh 2025, bhain na leithreasuithe a tugadh anonn le hoibleagáidí a glacadh ar láimh mar is cuí roimh dheireadh na bliana buiséid ach i gcás nár seachadadh na hearraí ná na seirbhísí go fóill agus/nó nach bhfuarthas aon sonraisc faoi dheireadh na bliana.

III) ***Cur chun feidhme leithreasuithe de réir catagóire in 2025***

Déantar an anailís ar chaiteachas in 2025 a mhiondealú ina 14 chatagóir caiteachais.

I dTábla 8, déantar comparáid idir an buiséad deiridh tar éis aistrithe (colún 2) agus cur chun feidhme an bhuiséid i dtéarmaí gealltanas (colún 3). Is do na méideanna nár úsáideadh in 2025 agus a cuireadh ar ceal dá bhrí sin a chomhfhreagraíonn an difríocht idir an buiséad deiridh agus na leithreasuithe arna ngealladh.

Tábla 8

Forléargas ar chur chun feidhme bhuiséad 2025 (de réir catagóire, EUR)

Catagóir	Buiséad 2025 (leasaithe)	Buiséad 2025 (deiridh (*))	Gealltanais	Ráta cur chun feidhme	Leithreasuithe curtha ar ceal
	1	2	3	4=3/2	5=2-3
Plean bunaíochta	443 931 151	443 531 151	421 917 774	95,1 %	21 613 377
Caiteachas eile foirne	29 464 000	29 864 000	28 707 476	96,1 %	1 156 524
Foirgnimh (seachas fálta)	60 185 000	59 340 000	59 282 743	99,9 %	57 257
Córais ríomhaireachta	54 410 707	59 077 707	59 056 984	100,0 %	20 723
Troscán	1 055 000	1 205 000	1 201 842	99,7 %	3 158
Trealamh teicniúil	3 644 000	3 179 000	3 100 589	97,5 %	78 411

Catagóir	Buiséad 2025 (leasaithe)	Buiséad 2025 (deiridh (*))	Gealltanais	Ráta cur chun feidhme	Leithreasuithe curtha ar ceal
	1	2	3	4=3/2	5=2-3
Iompar	2 190 000	1 870 000	1 849 990	98,9 %	20 010
Speansais taistil na dtoscaireachtaí	15 505 000	15 104 171	15 104 171	100,0 %	
Costais ateangaireachta	85 060 000	82 536 829	82 536 829	100,0 %	
Cruinnithe agus comhdhálacha	7 609 000	7 203 000	6 912 757	96,0 %	290 243
Faisnéis	9 808 000	9 996 000	9 995 718	100,0 %	282
Ilghnéitheach	1 407 000	1 362 000	1 340 686	98,4 %	21 314
Cúlchiste					
Iomlán (seachas fáil)	**714 268 858**	**714 268 858**	**691 007 559**	**96,7 %**	**23 261 299**
Maoin dhochorraithe a fháil					
Móriomlán	**714 268 858**	**714 268 858**	**691 007 559**	**96,7 %**	**23 261 299**

(*) Áirítear ath-leithdháileadh inmheánach leithreasuithe

Ba é 96,7 % ráta foriomlán cur chun feidhme bhuiséad 2025. An difríocht idir an buiséad deiridh agus an cur chun feidhme, féadfar í a mhíniú mar a leanas:

— Ba é EUR 21,6 milliún an tearc-chaitheamh iomlán (4,9 % den bhuiséad deiridh foirne) i gcatagóir an phlean bunaíochta. Bhí an tearc-chaitheamh sin mar thoradh den chuid is mó ar riachtanais níos ísle le haghaidh na mbuntuarastal (EUR 6,8 milliún), liúntais teaghlaigh, liúntais easaoránachta agus liúntais cónaithe eachtraigh (EUR 2,8 milliún) agus le haghaidh coigeartú ar an luach saothair (EUR 10,3 milliún). Imthosca eile a chuireann leis an tearc-chaitheamh ba ea riachtanais níos ísle a bhaineann le liúntais i gcás scoir ar mhaithe leis an tseirbhís (EUR 0,6 milliún) agus le ragobair (EUR 0,2 milliún).

— Sa chatagóir eile caiteachais foirne, bhain 48 % den tearc-chaitheamh (EUR 0,55 milliún as EUR 1,2 milliún) le híocaíochtaí níos ísle do chomhairleoirí speisialta, do bhaill foirne ar conradh, do shaineolaithe náisiúnta ar iasacht agus do sheirbhísí seachtracha eile. Bhí coigiltis ar chaiteachas eile a bhaineann le foireann (oiliúint, costais leighis, seirbhísí sóisialta, etc.) cothrom le EUR 0,61 milliún san iomlán.

— Ba é 99,9 % cur chun feidhme foriomlán an chaiteachais a bhaineann le foirgnimh.

— 99,96 % i bhí i gceist le cur chun feidhme an bhuiséid i gcás TF agus 99,7 % i gcás troscáin.

— Ba é 97,5 % agus 98,9 % an cur chun feidhme maidir le trealamh teicniúil iompair.

— Bhí cur chun feidhme speansais taistil na dtoscaireachtaí ag 100 %. Bhí an méid a bhí ar fáil le haghaidh speansais taistil na dtoscaireachtaí tar éis na n-aistrithe cothrom le EUR 15,1 milliún. EUR 15,5 milliún an buiséad tosaigh a bhí ann, ar aistríodh EUR 10,13 milliún chuige ó choigiltis i roinnt imchlúdaigh ateangaireachta. Ina dhiaidh sin, aistríodh EUR 8,57 milliún chuig ateangaireacht don 'imchlúdach teicniúil' ([6]). Leis an imchlúdach ateangaireachta teicniúil, déantar cistiú go páirteach ar na teangacha atá in úsáid faoi láthair mar theangacha 'pivot', a úsáidtear chun nasc a chur ar fáil idir teaglamaí atá ríthábhachtach chun cumarsáid ilteangach a áirithiú. Ar deireadh, tar éis iarrataí a fháil ó Bhallstáit éagsúla, aistríodh EUR 1,96 milliún breise chuig an ateangaireacht freisin.

